

Foraoisí Báistí ar Shliabh Gorongosa



Rinneadh damáiste mór do na foraoisí báistí ar Shliabh Gorongosa le linn na coinbhleachta sibhialta i Mósaimbíc, coinbhleacht a bhí ar bun ar feadh 16 bliana.

Nuair a bhí na saighdiúirí ag troid sna ceantair máguaird, bhog teaghlaigh feirmeoireachta suas an sliabh sa chaoi is go mbeidís sábháilte agus ghlan siad timpeall aon trian de na crainn le haghaidh ceapacha beaga arbhair agus prátaí a chur. Baineann tábhacht leis na crainn ar Shliabh Gorongosa mar gur cuid d'fhoraois bháistí mhór iad. Tá an fhoraois lán le hainmhithe agus éin iontacha, cuid acu nach ann dóibh in aon áit eile ar an Domhan! Ach tá na crainn speisialta ar chúis an-tábhachtach eile: is mar gheall orthu a bhíonn an ithir fúthu in ann greim a choinneáil ar an mbáisteach go léir a thiteann i rith an tséasúir báistí.

Nuair a bhí na saighdiúirí ag troid sna ceantair máguaird, bhog teaghlaigh feirmeoireachta suas an sliabh sa chaoi is go mbeidís sábháilte agus ghlan siad timpeall aon trian de na crainn le haghaidh ceapacha beaga arbhair agus prátaí a chur. Baineann tábhacht leis na crainn ar Shliabh Gorongosa mar gur cuid d'fhoraois bháistí mhór iad. Tá an fhoraois lán le hainmhithe agus éin iontacha, cuid acu nach ann dóibh in aon áit eile ar an Domhan! Ach tá na crainn speisialta ar chúis an-tábhachtach eile: is mar gheall orthu a bhíonn an ithir fúthu in ann greim a choinneáil ar an mbáisteach go léir a thiteann i rith an tséasúir báistí.

Ansin scaoiltear an t-uisce ón ithir go mall i rith na bliana, rud a choinníonn aibhneacha agus lochanna an ghleanna ag sreabhadh, agus a choinníonn slán éiceachóras iomlán Gorongosa. Tá an t-athfhoraoisiú an-tábhachtach: murach na crainn sin a bheith ann, bheadh saol i bhfad níos deacra ag gach duine agus ag gach ainmhí níos faide anonn sa séasúr tirim.

Mar chuid d'athchóiriú na Páirce, bíonn maoir na Páirce ag obair i ndlúthchomhar leis na pobail atá ina gcónaí in aice le Sliabh Gorongosa, chun síolphlandaí crainn a chothú. Bíonn muintir na háite ag canadh agus iad ag siúl suas an sliabh chun na síolphlandaí crainn a chur, agus ina gcuid amhrán deir siad leis an sliabh agus leis na haibhneacha gan a bheith ag caoineadh, mar go bhfuil cúnamh ar an mbealach.

ATHFHORAISIÚ:

Crainn a bhaint i gcomhair adhmaid don tine nó chun an talamh a ghlanadh le haghaidh feirmeoireachta nó tithe nó le haghaidh úsáid ghnó.

ATHFHORAISIÚ:

Síolphlandaí crainn a chur ar thalamh ar ar leagadh crainn le déanaí.



Grianghraf le caoinchead Pháirc Náisiúnta Gorongosa